

❖ An Lúibín ❖
10 Mí Dheireadh Fómhair 2006

Glór domhanda na nGael

Glór na nGael, bestower of prizes on local language committees, has an unsuspected global dimension.

Tá sé ró-fhurasta cuimhneamh ar Ghlór na nGael mar dhream a bhaineann le ródháiríreacht an tseansaoil – Gaeil ghairmiúla ag iarraidh an soiscéal a scaipeadh i measc na bhfuaránach. Lena gceart a thabhairt dóibh, áfach, tá scéim ar siúl acu a aithníonn gur teanga gan teorainneacha an Ghaeilge. ‘Global Gaeilge’ atá i gceist, comórtas idirnáisiúnta.

Tá Glór na nGael chun Comhdháil Eorpach Gaeilge a chur ar bun an bhliain seo chugainn, agus tá siad ag dul chun cainte le Coiste Gaeilge Digrm in Frankfurt, dream a ghnóthaigh duais ‘Global Gaeilge’ sa bhliain 2005. (Ba mhaith linn breis eolais a fháil faoin ngaisce áirithe sin, ós dócha nach bhfuil céad Gaeilgeoir líofa féin sa Ghearmáin.) I ndiaidh na Comhdhála seo beidh a leithéid eile san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh, más féidir. Chuirfeadh na háiteanna uile a bhfuil grúpaí Gaeilge iontu iontas ort: bheadh súil agat le coistí i dtíortha Béarla - an Astráil, Sasana, Ceanada agus na Stáit - ach cad déarfá leis an mBeilg, an Ísiltír, Lucsamburg agus an Spáinn, gan trácht ar Shiongapór agus ar an mBrasaíl.

Má thugann tú súil ar shuíomh Ghlór na nGael gheobhaidh tú ann a gcuid aidhmeanna agus critéar (www.glornangael.ie). (B’fhéidir go bhféadfaí breis slacht a chur a gcuid Gaeilge, ach is annamh saoi gan locht.) Ní mór don choiste áitiúil teanga a bheith ann ar feadh dhá bhliain ar a laghad, agus plean bliana a bheith acu chun úsáid na Gaeilge a mhéadú. Cuirtear béim ar ranganna agus ar dheis chainte a chothú, agus ar ‘scéimeanna nuálacha eile’. Ní féidir an méid sin a lochtú. Go dtaga rath ar a gcuid idirnáisiúnachais.



Teanga go leith

The police of Northern Ireland are now required to study languages – even a little Irish.

Is deacair ionadh a chur ar *An Lúibín* na laethanta seo, ach chuir scéal in *Lá* (20/9/06) ionadh go leor orainn. Ní mór d’earcaigh i Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTÉ, nó PSNI an Bhéarla) cúig uaire déag oiliúna a fháil sa Mhandairínis, sa Phortaingéilis agus sa Pholainnis ó mhí Dheireadh Fómhair na bliana seo. Léiriú é seo ar chultúir na tíre trí chéile agus ar a bhfuil de dhreamanna nua ag teach thar tír isteach. Rinne SPTÉ tagairt don chothromas is don éagsúlacht cultúr, ach bhí *Lá* míshásta nach dtugtar ach trí huaire an chloig d’aimsir don Ghaeilge agus dá dúchas.

Dúirt urlabhraí SPTÉ go raibh tuiscint agus labhairt na Gaeilge ag mórán ball den fhórsa. Níorbh fhéidir leis uimhir chruinn a sholáthar toisc gur beag earcach a d’admhódh go raibh an cumas sin aige, rud ar ábhar suime ann féin é. Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil ranganna Gaeilge á reachtáil ag Coláiste na bPóilíní.

Is dócha (d’ainneoin na faillí úd sa Ghaeilge) go bhfuil SPTÉ chun tosaigh i gcúrsaí teangacha ar na Gardaí agus ar phóilíní na hAstráile, gan trácht ar a lán fórsaí eile. Is cinnte nach measade an péas (go háirithe sa Thuaisceart) eolas beag ar theangacha agus ar nósanna dreamanna eile, go fiú na nGael; ach scéal atá beagán ró-íogair é an dúchas sin go fóill.

Údarás na haislinge

The Gaeltacht Authority, provider of employment in Irish-speaking areas, refuses to admit that there may no longer be a Gaeltacht worthy of the name.

Ábhar machnaimh murab ábhar gáire é an méid a leanas, agus é le fáil ar shuíomh Údarás na Gaeltachta. Níor dhóigh leat agus é á léamh agat go dtaispeánann na figiúirí agus an fhianaise is déanaí nach bhfuil aon Ghaeltacht ann anois den sórt atá an tÚdarás ag iarraidh a chothú. Cén fáth mar sin an bhfuil an tÚdarás ann ar chor ar bith? Ceist í sin nach bhfuil á freagairt go cruinn san fhógra a leanas, d'ainneoin na cainte faoi shainchultúr agus mheon dúchais agus na muiníne nua i dturasóireacht chultúrtha.

Is é Údarás na Gaeltachta an áisíneacht áitiúil rialtais atá freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta, teanga agus cultúr na Gaeltachta in Éirinn. Ar chósta an iarthair agus an iardheisceart is mó atá na ceantair Ghaeltachta. Déanann an tÚdarás cúram dá phríomh iarracht ar chaomhnú agus forbairt na teanga trí straitéisí chun postanna agus maoin a chruthú agus trí raon fairsing de thionscnaimh pobal, ealaíne, teanga agus cultúir.

Tionscnamh straitéiseach a thosaigh an tÚdarás le déanaí is ea forbairt agus cur chun cinn na turasóireachta chultúrtha. Is aidhm don Údarás branda a chur ar an nGaeltacht mar áit ar leith mar gheall ar an nGaeilge a bheith ina teanga phobail, mar gheall ar fhéiniúlacht na Gaeltachta de bhrí go bhfuil sainchultúr agus meon dúchais inti, sainiúlacht agus meon a léirítear sa cheol, san amhránaíocht agus sa rince, gan trácht in aon chor ar chuid de na radharcanna tíre is breátha in Éirinn. Tá an tionscnamh seo á chur chun cinn trí feidhm éifeachtach a bhaint as an mbranda aitheantais 'GaelSaoire, Scíth sa Ghaeltacht'.



Ineacht léinn

Seán Ó Tuama, now dead, was one of the most notable Gaelic scholars of his time.

Tá Seán Ó Tuama, scríbhneoir agus scoláire, marbh. Fuair sé bás ar an 14ú lá de mhí Mheán Fómhair agus é ceithre fichid bliain d'aois. A chuid scoláireachta is mó a thuill clú dó, is dócha, cé gur chleacht sé cineálacha eile scríbhneoireachta sa Ghaeilge ghlan bhríomhar sin ba dhual dó. Corcaíoch é, ach sna 40í théadh sé le scata mac léinn eile go dtí Corca Dhuibhne faoi stiúradh an Athar Tadhg Ó Murchú, nuair a bhí an Ghaeilge ina neart ann fós. Bhí a rian sin riamh ar a chuid féin den teanga.

Bhí cáil éigin ar dhráma leis, *Gunna Cam agus Slabhra Óir*, agus chuir sé an antalóg thábhachtach *Nuabhéarsaíocht* in eagar. Is mó de chlu atá ar *An Duanaire 1600-1900 - Poems of the Dispossessed*, a chuir sé le chéile in éineacht leis an bhfile Thomas Kinsella. Roimhe sin d'fhoilsigh sé saothar suntasach scoláiriúil, *An Grá in Amhráin na nDaoine*. Sa bhliain 1950 ceapadh é ina léachtóir i Nua-Ghaeilge ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus rinneadh Ollamh de sa bhliain 1982. Bhí baint aige freisin le Bord na Gaeilge agus le Comhairle na nEalaíon.

Bhí cumas Gaeilge aige nach raibh ag mórán scoláirí, agus é in ann ábhar a scagadh agus a mhíniú le tuiscint agus le gontacht; thaispeáin sé go soiléir cé chomh hoiriúnach is atá an teanga chun na hoibre sin agus a éifeachtaí atá sí mar uirlis intleachtúil. Na sleachta as *An Grá in Amhráin na nDaoine* a leanas tugann siad léargas ar an méid sin, agus bunús théama an ghrá sna hamhráin á phlé:

Aon mhórghluaiseacht liteartha a fhaigheann leathantas idirnáisiúnta gheofar amach ina taobh, is dóigh, go mbíonn sí bunaithe ar phrionsabail áirithe fealsúnachta. Is iad sin a chuireann an *dynamisme*, an fuadar faoi leith, fúithi. Ba é an scéal céana é, dealraíonn sé, ag an amour courtois. Sibhialtacht chultúrtha, sibhialtacht bhog dhíomhaoin, ab ea

sibhialtacht Phróváns. Ghluais gaoth gach tuairime fúithi isteach: ghluais anáil na nArabach fúithi go háirithe. Agus timpeall na bliana 1100 bhí éileamh i bPróváns, ar fhealsúnacht na hAraibe, agus go háirithe ar fhealsúnacht eiriciúil an mhístigh Avicenna. Go simplí ba é a mhúin Avicenna ina thráchtas ar an ngrá seo: gur maith ann féin an grá collaí – chomh fada is nach ó aidhmeanna collaí a eascródh sé – toisc go gcabhraíonn sé linn chun Grá Dé a bhaint amach amach. Is é an *Mian* a bheith aontaithe leis an leannán an ní is tábhachtaí sa ghrá seo. Is príomhshlí é chun suáilce an anama a mhéadú...

In Éirinn féin aithnítear go coitianta go ndeachaigh litríocht nua an ghrá i bhfeidhm ar an uasalaicme agus ar an aos léinn, agus gurb é a thoradh liteartha sin ná na *Dánta Grádha* a chuir Tomás Ó Rathile in eagar. Ní aithnítear chomh forleathan céanna, is dóigh liom, go ndeachaigh gnéithe di i bhfeidhm go domhain ar chultúr na ngnáthdhaoine, chomh maith; agus gurb as an gcuma speisialta ina shnaidhmeadar sin é lena seanchultúr féin a d'eascair formhór mór amhrán grá na Gaeilge.

Ní gach duine a léifeadh a leithéid de leabhar nó a bheadh ar aon intinn leis an údar, ach is léir ó na sleachta sin thuas go bhfuil scoláire againn anseo a bhí in ann gach cor dá argóint a léiriú gan dua sa teanga ba rogha leis. Bhí sé ar na scoláirí ba mhó a chruthaigh go raibh an Ghaeilge ar comhchéim le teangacha níos forleithne mar ghléas léinn, cé go raibh cuideachta ábalta aige sna cúrsaí sin. Níor mhúch an ghéarchúis an tsoiléire ina shaothar, agus bhí an tseiftiúlacht aighe riamh ann.

Má tá traidisiún beo intleachtúil beo le fáil sa Nua-Ghaeilge is do Sheán Ó Tuama atá cuid mhaith den chreidiúint ag dul. Tá sé dulta abhaile, ach d'fhág sé an-sampla den mhachnamh agus den dea-fhriotal ina dhiaidh – sampla ba chóir do scoláirí óga ár linne a leanúint go dílis ar a mbealach féin.



Pleananna teanga in Albain

A national language plan for Scotland, and a plan for the Western Isles – the country's last remaining Gaeltacht. But more speakers are dying than are being born.

In Inse Gall is láidre an Ghàidhlig fós, ach tá sí ag meath ann. Tháinig Plean Teanga Inse Gall amach tamall ó shin, agus é bunaithe ar an obair a rinne scata taighdeoirí faoi stiúradh Mhagaidh NicAoidh, bean óg a bhfuil céim aici sa Dlí agus sa Ghàidhlig. (Féach píosa faoi seo le hAlasdair Caimbeul ar an *Scotsman*: <http://news.scotsman.com/gaelic.cfm>.) Scaip siad ceistiúcháin trí na hoileáin agus fuair 60% díobh ar ais: go fiú na ndaoine gan Ghaeilge a chuir fúthu ann thall dúirt a bhformhór gurbh fhiú tacú leis an teanga.

Is é a chuir drochmhisneach ar Mhagaidh, mar a deir sí sa phíosa thuasluaite, go raibh an oiread sin daoine de bhunadh na háite ann nárbh fhiú leo teacht chun na gcrúinnithe áitiúla chun an scéal a phlé:

Nuair a bha sinn a' dol suas tro na h-eileanan cha robh uibhir a dhaoine a' tighinn a-mach idir. Tha sin gad fhàgail rud beag mì-mhisneachail. Tha thu a' smaoineachadh, car son a tha sinn a' dèanamh seo mur eil na daoine a' dol a thighinn a-mach, mur eil diù aca air an t-suidheachadh agus mu dheidhinn an cànan?

Díol spéise é, mar sin, an t-achrann géar bhí ann faoi bhunscoil Shléite ar Oileán Scitheanach: scoil Bhéarla a raibh aonad Gàidhlig inti, agus uimhir na ndaltaí Gàidhlig ag éirí chomh hiomadúil sin gur scoil Ghàidhlig í i ndáiríre. D'iarr cuid de na tuismitheoirí an stádas úd a thabhairt di agus chuir cuid eile ina choinne: is é an comhréiteach a rinneadh scoil Ghaeilge a dhéanamh di ach aonad Béarla a bheith ann. Léiriú suimiúil é seo ar staid luaineach na teanga sa cheantar sin, go háirithe ó bhí cuid de na tuismitheoirí 'Béarla' sách ceanúil ar an nGàidhlig inti féin. Tá cainteoirí Gàidhlig ann agus níl siad sásta leis an socrú seo; b'fhéarr leo faille a bheith ag gach dalta an teanga a fhoghlaim ar eagla nach mbeadh de chomhtheanga eatarthu ach Béarla.

I Sléite a cuireadh cor eile sa scéal, agus blas óil air. Tá drioghlann nua ann ar fiú 20 milliún punt í agus ar leis an gcomhlacht Praban na Linne í. Dúirt cathaoirleach an chomhlachta, an Ridire Iain Noble, go dtabharfaí na fiche post atá ann do Ghaeilgeoirí amháin. Toicí mór is ea Noble agus é ag tacú leis an teanga leis na blianta fada: dúirt sé freisin go raibh sé i gcoinne Sasanaigh a bheith ag cur fúthu sa Ghàidhealtachd (tuairim a dhúiseodh conspóid), ach go bhfáilteodh sé roimh duine de chineál ar bith a bhí sásta Gàidhlig a fhoghlaim.

Sin an taobh áitiúil den scéal; ach i Mí na Lúnasa chuir Bòrd na Gàidhlig plean náisiúnta faoi bhráid na ndaoine. Tá sé de cuspóir aige cuidiú le forais phoiblí an teanga a chur chun cinn (rud a chuirfeadh a leithéidí eile de scéimeanna uaimhianacha i gcuimhne do Ghaeilgeoirí na hÉireann). Cuirtear béim ar thraenáil múinteoirí: tá 61 bunscoil ann le ranganna Gàidhlig agus 36 rannóg Ghàidhlig i meánscoil ar fud na tíre. Ní cosúil go mbeadh os cionn 3,060 dalta ar fad ag déanamh na teanga, ach mar sin féin tá na múinteoirí gann.

Ach, mar a dúirt duine a raibh lámh aige sa phlean, ní éireoidh lena leithéid mura dtagann méadú ar líon na gcainteoirí. Faoi láthair tá an teanga i mbéala báis. Is mó an líon cainteoirí a chailltear gach bliain ná mar a bheirtear, agus níl an bhris á tabhairt isteach ag na scoileanna ná i measc an phobail. Deir daoine eile go bhfuil mórán á chaitheamh agus gan toradh suntasach air. In Éirinn d'fhéadfaí a rá go bhfuil an Ghaeilge ó bhaol anois sna cathracha, dá laige í faoin tuath, agus más mar sin atá an scéal is de bharr gníomhú pobail é. B'fhéidir gurb é sin atá ag teastáil ón Albain.



Sclábhaíocht chraicinn

The rhetoric of the new Australia is one of engagement with Asia and diversity of immigration, and their simultaneous reconciliation with 'Australian values': a rhetoric reversed and mocked by the trafficking of Asian women.

Sa bhliain 2003 cailleadh Noi Simpalee i Lárionad Coinneála Villawood i Sydney. Thug mangairí craicinn anonn ón Téalainn í sa bhliain 1995 agus cuireadh ag obair i ndrúthlann í. Nuair a rug na húdaráis uirthi shíl siad ar dtús gur theifeach í a shleamhnaigh isteach sa tír gan údarás. Faoin am a bhfuair siad amach gur ina sclábhaí gnéis a tháinig sí anseo bhí sé ródhéanach: bhí an níúmóine agus easpa cothaithe tar éis í a mharú.

Spreag bás na mná seo an Rialtas Cónasctha chun tascfhórsa póilíneachta a chur ar bun agus dlí a dhéanamh i gcoinne braighdeanas fiach – mná óga a choinneáil ag obair i ndrúthlanna chun go n-aisíocfaidís an 'costas' a bhaineann lena dtabhairt anseo. Ach níor chuir an dlí deireadh leis an drochghnó. Inniu féin tá suas le míle bean i mbraighdeanas den saghas sin san Astráil, a bhformhór ar bheagán Béarla, gan tuiscint acu ar an dlí agus a bpasanna gafa ag úinéirí na ndrúthlann. Tagann cuid díobh anonn ar lorg poist mar bhuime, mar ghlantóir nó mar chailín aimsire agus iad ag súil le hairgead a chur ar ais chun a muintire. Tagann cuid eile ina meirdreacha, agus gan a fhios acu go mbeidh siad ag obair cúig uaire déag sa lá ar feadh na seachtaine. Tuilleann na húinéirí méid airgid chomh mór le \$40,000 an bhean, agus caitear na mná i dtraipisí faoi dheireadh. I Melbourne, áit dhúchais *An Lúibín*, tá na sclábhaí seo le fáil i ndrúthlanna dleathacha agus aindleathacha: nuair a thagann na húdaráis áitiúla á bhfiosrú déanann na húinéirí éalú oíche.¹ Bíonn mná agus páistí féin á ndíol ar an dóigh seo ar fud an domhain agus brabús uafásach mór ag na mangairí dá bharr.

Seo an taobh contráilte de chaint oifigiúil na hAstráile nua faoi éagsúlacht inimirce agus faoi chaidreamh leis an Áise, gan trácht ar 'fhíornósanna Astrálacha'. Ón gCóiré Theas, ón tSín, ón Téalainn agus ón gCambóid a thagann na mná, agus deirtear go bhfuil an Astráil ar na tíortha is

¹ Féach alt in *The Melbourne Times* (14/6/06): 'Sex slavery: the trade that shames us'. Cuntas scanrúil é ar dhaoirse na mban úd.

mó a bhfaighfeá an mhangaireacht shalach seo. Le fada an lá ní admhódh an Rialtas go raibh an scéal chomh dona sin; anois féin ní thugtar víosa sealadach do mhná a éalaíonn ó na drúthlanna mura gceaptar gur féidir leis na húdaráis feidhm a bhaint astu i gcúrsaí dlí.

Tá na tráchtáil seo ina híomhá iompaithe den Áise a mheallann turasóirí na tíre seo: iad siúd ag dul anonn ar thóir radharc, spóirt agus craicinn féin, agus na mná ag gabháil tharstu anall; ach saol cúng rúnda is ea saol na drúthlainne, saol nach mbeadh ann murach drúis dho-ídithe an ghnáthdhuine, agus í beo ar ainnise na mban. Ní teitheadh í go díreach an bhean a thagann ar thóir a coda, ná ní inimirceach í; cineál eile í a sheachnaíonn an gnáthrangú. Téann an turasóir anonn agus ceamara leis; tagann an bhean úd chugainn de dhroim riachtanais agus gan roimpi ach díomá. Baintear brabús aisti agus tréigtear í, agus má chuirtear ar ais í is minic a bheireann na mangairí uirthi arís.

Ní féidir deireadh a chur le meirdreachas; is beag ceird is sine ná is buaine. Ach is féidir leis na húdaráis a seacht ndícheall a dhéanamh an chuid is gránna di a chur faoi chois.



Teas geoteirmeach

Geothermal energy, drawn from the hellish bowels of the earth, will (it is said) help to save Australia.

Tá tóin na tíre seo chomh te le hIfreann, agus is maith an rud é. Faoin mbliain 2030 (má bhímid ar dhromchla an domhain fós) b'fhéidir go mbeadh 10% de leictreachas na tíre seo á nginiúint le trealamh geoteirmeach. Go domhain faoi screamh an domhain tá carraigí ar nós an eibhir atá lán de thóiriam agus d'úrániam; de réir mar a thiteann na mianraí seo ó chéile ligeann siad sceitheanna núicléacha uathu a théann an charraig. Ní mór poll an-domhain a bhaint chun teacht ar an teas seo, agus is fiú an saothar é: beidh síorfhoinsí fhuinnimh agat atá saor ó sceitheanna contúirteacha thuas.

I dtíortha eile táthar ag brath ar limistéir bholcánacha chun tairbhe a bhaint as an bhfuinneamh seo. Is fada nach raibh aon bholcán beo san Astráil, ach i stát na hAstráile Theas tá siad ar a ndícheall ag druileáil. Tá poill ann atá chomh domhain le cúig chiliméadar, áit a bhfuil teocht 287 céim Celsius ann.

I ndeireadh na dála ní mór idir chostas agus riachtanas a chur san áireamh. Tá neart guail agus gáis ag an Astráil fós, ach luath nó mall ídeofar iad; tá an ghaoth ann, ach ní féidir na muilte a choinneáil ag casadh gan stad. Bíonn teas geoteirmeach ann i gcónaí. Fágann seo, ar ndóigh, go bhfuil gá le hinnealtóirí a thuigeann an saghas druileála atá i gceist agus conas stáisiúin ghineadóireachta a chur ag obair dá réir. Beidh siad le fáil, gan amhras, agus iad ina n-aingil ifreanda.

Féach: www.pir.sa.gov.au.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil cuir teachtaireacht dá réir chun: ColinG.Ryan@ato.gov.au

Colin Ryan